Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11900/26**

**DENLEG 78**
**FOOD 104**
**SAN 593**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 14 Iúil 2026 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D115964/02 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D115964/02.

---

Faoi iamh: D115964/02

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2025/1804
(POOL/E2/2025/1804/1804-EN_REV1.docx) D115964/02
[…](2026) XXX

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 10/2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 10/2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus earraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia agus lena n-aisghairtear Treoracha 80/590/CEE agus 89/109/CEE[1], agus go háirithe Airteagal 5(1), an dara fomhír, pointí (a), (d), (e), agus (i), agus Airteagal 11(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún[2] leagtar síos rialacha sonracha a mhéid a bhaineann le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia. Go háirithe, le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, bunaítear liosta Aontais de shubstaintí údaraithe a fhéadfar a úsáid d'aon ghnó i monarú ábhar plaisteach agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia.

(2) An 25 Samhain 2021, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim eolaíoch[3] maidir leis an tsubstaint snáithíní carbóin mionghearrtha ó pholaicrilinítríl charbónaithe (FCM Uimh. 1086), a bheartaítear lena húsáid mar ábhar líonta agus treisithe in ábhair agus earraí plaisteacha bia-thadhaill. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach ábhar imní sábháilteachta don tomhaltóir í an tsubstaint snáithíní carbóin mionghearrtha ó pholaicrilinítríl charbónaithe, ina bhfuil íoschion carbóin 95 % w/w agus ar mhéideanna nach bhfuil ar an nanascála ó thaobh toise, nuair a úsáidtear í i dtadhall le gach cineál bia agus faoi na coinníollacha úsáide uile, ag leibhéal suas go 40 % w/w le haghaidh polaiméir céatóin éitir poiléitir. Dá bhrí sin, is iomchuí an tsubstaint a údarú dá réir.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2024 maidir le hábhair agus earraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia agus lena n-aisghairtear Treoracha 80/590/CEE agus 89/109/CEE (IO L 338, 13.11.2004, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/1935/oj).

2 Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia (IO L 12, 15.1.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/10/oj).

3 Painéal EFSA ar ábhair bia-thadhaill, einsímí, agus áiseanna próiseála (2022). Tuairim Eolaíoch maidir leis an measúnú sábháilteachta ar an tsubstaint snáithíní carbóin mionghearrtha, ó pholaicrilinítríl charbónaithe, lena húsáid in ábhair bia-thadhaill. Iris EFSA 2022;20(1):7003, 8 lgh. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2022.7003

(3) An 26 Eanáir 2022, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch[4] maidir leis an tsubstaint carbónáit chailciam dheasctha nanaimhéide (FCM Uimh. 1087). Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach gá measúnú sonrach a dhéanamh ar na cáithníní i nanafhoirm toisc gur thuaslaig foirm cháithníneach na substainte go tapa faoi dhálaí gastracha ionsamhlaithe agus nach ábhar imní sábháilteachta don tomhaltóir í an tsubstaint nuair a úsáidtear í mar ábhar líonta i ngach cineál polaiméir le haghaidh gach cineál bia. Mar sin féin, ní raibh an tÚdarás in ann teacht ar chonclúid maidir lena sábháilteacht agus í i dtadhall le bainne foirmle do naíonáin. Ós rud é go bhféadfadh gnéithe modhnuithe a bheith ag cáithníní brataithe na substainte seo agus nár cumhdaíodh cáithníní den sórt sin leis an iarratas, ba cheart úsáid na substainte a imshrianadh go cáithníní neamhbhrataithe i nanafhoirm amháin. Thug an tÚdarás faoi deara freisin go bhféadfadh an t-ascnamh iomlán i mbianna aigéadacha ó ábhar ina bhfuil an tsubstaint an teorainn a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh 10/2011 a shárú. I bhfianaise na tuairime sin, is iomchuí úsáid cáithníní neamhbhrataithe na substainte i nanafhoirm le haghaidh monarú ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le gach cineál bia cé is moite de bhainne foirmle do naíonáin a údarú dá bhrí sin. Thairis sin, chun a áirithiú go measfar an riosca go sárófar an t-ascnamh iomlán i mbianna aigéadacha mar chuid den chomhlíontacht a fhíorú, ba cheart nóta maidir le fíorú na comhlíontachta a mhéid a bhaineann leis an tsubstaint sin a chur i dTábla 3 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011.

(4) An 8 Meitheamh 2023, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch[5] maidir leis an tsubstaint polai(aigéad 2-hiodrocsaprópánóch), eistear n-ochtaile/n-deicile (FCM Uimh. 1088). Tá sé beartaithe ag an iarratasóir an tsubstaint a úsáid le haghaidh earraí bia-thadhaill aon úsáide, lena n-áirítear scannáin, tráidirí nó coimeádáin, i gcomhair bianna úra amhail torthaí, glasraí, bianna atá beagáinín aigéadach agus ábhair uisce-bhunaithe, amhail uisce agus deochanna neamh-mheisciúla. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach ábhar imní sábháilteachta don tomhaltóir í an tsubstaint nuair a úsáidtear mar bhreiseán í ag leibhéal suas le 15 % w/w i monarú ábhar agus earraí bia-thadhaill aigéid pholalachtaigh a bheartaítear a bheith i dtadhall le bianna atá ionsamhlaithe ag aigéad aicéiteach 3 % (ionsamhlach B) ar feadh suas le 10 lá ag 40 °C, ar choinníoll nach sáróidh ascnamh na substainte 0,05 mg/kg bia. Thairis sin, de réir na tuairime, sáraítear an teorainn ascnaimh shonrach nuair a dhéantar tástáil ar ionsamhlaigh bia 10 % eatánól, ionsamhlaigh bia 95 % eatánól agus iosochtán nó nuair a chuirtear stáirse le haigéad polalachtach, rud a d’fhéadfadh ascnamh na substainte a mhéadú. I bhfianaise thuairim an Údaráis agus chun an riosca go sáróidh ascnamh na substainte isteach i mbia an teorainn ascnaimh shonrach a íoslaghdú, is iomchuí úsáid na substainte a údarú mar bhreiseán suas le 15 % w/w in ábhair agus earraí déanta as aigéad polalachtach nach bhfuil stáirse (FCM Uimh. 564) ná breiseáin eile iontu a bhfuil feidhm acu atá cosúil le stáirse , agus a bheartaítear a bheith i dtadhall ar feadh suas le 10 lá ag 40 °C le huisce a áirítear sa chatagóir bia 01.01, nó le bia a áirítear sna catagóirí 04.01 (torthaí, iad úr nó fuaraithe), 04.04 (glasraí, iad úr nó fuaraithe) agus

[4] Painéal EFSA ar ábhair bia-thadhaill, einsímí, agus áiseanna próiseála (2022). Tuairim Eolaíoch maidir leis an measúnú sábháilteachta ar an tsubstaint carbónáit chailciam dheasctha nanaimhéide lena húsáid in ábhair phlaisteacha bia-thadhaill. Iris EFSA 2022;20(2):7135, 8 lgh. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2022.7135

[5] Painéal EFSA ar Ábhair Bia-thadhaill; Éinsímí agus Áiseanna Próiseála) (2023). Tuairim Eolaíoch maidir leis an measúnú sábháilteachta ar an tsubstaint polai(aigéad 2-hiodrocsaprópánóch), eistear n-ochtaile/n-deicile lena húsáid in ábhair bia-thadhaill. Iris EFSA 2023;21(7):8100, 9 lgh. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8100

08.01 (fínéagar), agus sa chás sin amháin, mar a shonraítear i dTábla 2 d'Iarscríbhinn III. Is iomchuí freisin nóta a chur le fíorú na comhlíontachta lena léirítear go bhfuil riosca ann go bhféadfaí an teorainn ascnaimh shonrach a shárú.

(5) An 12 Márta 2024, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch[6] maidir leis an meascán 1,9-naonáindé-aimín (NMDA) agus 2-meitil-1,8-ochtáindé-aimín (MODA) (FCM Uimh. 1090). Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach ábhar imní sábháilteachta don tomhaltóir é an meascán NMDA agus MODA nuair a úsáidtear é mar chómhonaiméir le haigéad teireatalach chun ábhair agus earraí polaimíde a mhonarú a bheartaítear a bheith i dtadhall le gach cineál bia, seachas bainne foirmle do naíonáin agus bainne daonna, sa chás nach sáraíonn suim ascnaimh NMDA agus MODA 0,05 mg/kg bia agus, maidir le hascnamh isteach i mbia an chodáin a bhfuil meáchan móilíneach faoi bhun 1000 Da aige arb é speicis ghaolmhara NMDA/MODA atá ann, is é sin olagaiméirí na substaintí NMDA, MODA, aigéad teireatalach agus aigéad beansóch a chruthaítear le linn mhonarú na polaimíde, sa chás nach sáraíonn an t-ascnamh sin 5 mg/kg bia. Dá bhrí sin, is iomchuí an meascán a údarú dá réir.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 a leasú dá réir.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

6 Painéal EFSA ar Ábhair Bia-thadhaill, Einsímí, agus Áiseanna Próiseála (2024). Measúnú sábháilteachta ar mheascáin 1,9-naonáindé-aimín (NMDA) agus 2-meitil-1,8-ochtáindé-aimín (MODA), lena n-úsáid in ábhair bia-thadhaill. *Iris EFSA*, *22*(4),e8703. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8703